Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2019

# Stair

## Aonad 2:
## Breac-Staidéar

**[GHR21]**

*GHR21*

**DÉ LUAIN 3 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo agus ar leathanaigh bhreise ar bith.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo** – is féidir go mbeidh níos mó spáis ann ná atá de dhíth ort.
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach** ceist i Roinn A agus **dhá** cheist i Roinn B.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **6(a)** nó **6(b)** i Roinn B.

12223.02

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

## Roinn A

Freagair **gach** ceist

Na ceisteanna seo a leanas, léirmhínithe difriúla ar na fáthanna le forbairt teannais idir APSS (*USSR*) agus SAM (*USA*) idir 1945 agus 1948 is ábhar dóibh.

**1** Déan staidéar ar **Fhoinse A** thíos agus freagair an cheist a leanann:

**Foinse A: Winston Churchill, ceannaire na Breataine le linn an chogaidh, agus é ag labhairt in SAM sa bhliain 1946**

> Ó Stettin sa Bhailt go dtí Trieste san Aidriadach, tá cuirtín iarainn i ndiaidh titim trasna na hEorpa. Taobh thiar den chuirtín sin tá na príomhchathracha uilig de stáit lár agus oirthear na hEorpa. Na cathracha clúiteacha siúd agus na daoine istigh iontu, tá siad go léir i réimse tionchair na Sóivéadach. Tá siad tugtha faoi chéim iontach ard smachta ó Mhoscó. Ní chreidim, áfach, gur mhaith le APSS go mbeadh cogadh ann. Ba mhaith le APSS a chuid cumhachta a mhéadú agus smacht cumannach a leathadh.

Cad é a insíonn **Foinse A** dúinn faoi thuairim Churchill maidir le gníomhartha APSS i lár agus oirthear na hEorpa ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda?

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ [4]

**2** Déan staidéar ar **Fhoinse B** agus ar **Fhoinse C** thíos agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Foinse B: Tuairim polaiteoir Rúiseach, a cuireadh faoi agallamh sa bhliain 2010. Bhí sé ag obair in Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Sóivéide i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda. Tá sé ag cur síos ar thuairim Stalin maidir le Plean Marshall.**

> In APSS caitheadh lom dáiríre le Plean Marshall ach bhí barúlacha difriúla ann maidir leis. Chreid roinnt daoine gur chóir dúinn machnamh a dhéanamh air cionn is go raibh cuidiú de dhíth ar APSS. Ach ní raibh dúil ag Stalin ann. Mheas sé gur chleas de chuid Truman a bhí ann. Mhothaigh Stalin nach raibh SAM ag iarraidh cuidiú le APSS. An rud le fírinne a bhí á lorg ag SAM ná seilbh a ghlacadh ar thíortha Eorpacha.

**Foinse C: Tuairim Uachtarán Clinton, SAM , agus é ag labhairt ar chomóradh 50 bliain den Phlean Marshall, 1997**

> I ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda ba mhaith le muintir Mheiriceá filleadh ar an tsaol choitianta. Bhí an Ginearál Marshall agus an tUachtarán Truman, áfach, ag iarraidh a bheith ag obair ar mhaithe le téarnamh na hEorpa cionn is gur throid siad ar son a marthana. Cuimsigh an fhís acu náisiúin uile na hEorpa agus d'éirigh leo tacaíocht a fháil ó phobal Mheiriceá. Ní déirc a bhí riamh i bPlean Marshall; lámh chuidithe a bhí i dtólamh ann. Dúirt sé leis an Eoraip, "Má chuireann sibh bhur n-ábhair easaontais uilig taobh thiar díbh, má oibreoidh sibh le chéile le cuidiú libh féin, ansin oibreoidh Meiriceá libh."

**(a)** Tugann **Foinse B** agus **Foinse C** tuairimí difriúla ar na fáthanna le cinneadh SAM Cúnamh Marshall a thairiscint don Eoraip sa bhliain 1948.

Mínigh **dhá** dhóigh a bhfuil difear idir na tuairimí seo.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Mínigh fáth **amháin** a bhfuil na tuairimí i **bhFoinse B** agus i **bhFoinse C** difriúil.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

**3** Déan staidéar ar **Fhoinse D** thíos agus freagair an cheist a leanann:

**Foinse D: Tuairim staraí nua-aimseartha, agus é ag scríobh sa bhliain 1980 faoi ghníomhartha APSS in oirthear na hEorpa i ndiaidh 1945**

> Tá dóigh eile le hamharc ar ghníomhartha Stalin i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda. Is féidir na gníomhartha seo a fheiceáil ní mar chuid de shealbhú cumannach, ach mar chuid de pholasaí le APSS a choinneáil sábháilte. Dá mbeadh APSS timpeallaithe ag tíortha cairdiúla, bheadh dóchúlacht níos lú ann go n-éireodh le hionradh ar bith ón Iarthar, cosúil leis sin a rinne Hitler sa bhliain 1941. Cibé ábhair spreagtha a bhí ag Stalin, taobh istigh de dhá bhliain, bhí bloc tíortha bunaithe aige in oirthear na hEorpa a bhí rialaithe ag Moscó.

Cé chomh hinchreidte agus atá an tuairim i **bhFoinse D** ar na fáthanna le gníomhartha Stalin in oirthear na hEorpa i ndiaidh 1945?

Bain úsáid as **Foinse D** agus **do chuid eolas comhthéacsúil** le do fhreagra a mhíniú.

[8]

**4 Déan staidéar ar Fhoinsí B, C agus D arís agus freagair an cheist thíos:**

Cé chomh mór agus a aontaíonn tú leis an tuairim i **bhFoinse D** gur "chuid de pholasaí le APSS a choinneáil sábháilte" iad gníomhartha Stalin in oirthear na hEorpa i ndiaidh 1945?

Sa fhreagra agat, **ní mór** duit úsáid a bhaint as **Foinsí B**, **C** agus **D** agus as **faisnéis de do chuid féin**.

[Tiontaigh an leathanach

[16]

## Roinn B

Freagair ceist **5** agus **ceachtar acu** ceist **6(a) nó** ceist **6(b)**

**5** Cuir síos ar **dhá** fháth le hionradh SAM ar an Afganastáin sa bhliain 2001.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Freagair **ceachtar acu** ceist **6(a) nó** ceist **6(b)**

**Ceachtar acu**

**6** **(a)** Cad chuige agus cén dóigh ar fhreagair SAM do leathadh an chumannachais san Áise Thoir Theas faoin bhliain 1965?

Bain úsáid as na treoirlínte seo a leanas i do fhreagra. **Ní mór** duit úsáid a bhaint as faisnéis de do chuid féin fosta.

- Fáthanna le SAM a bheith ag baint leis an Chóiré agus le Vítneam
- Gníomhartha SAM sa Chóiré, 1950–1953
- Gníomhartha SAM i Vítneam, 1954–1965

[22]

**Nó**

**(b)** Cén dóigh ar athraigh caidrimh idir SAM agus APSS idir 1980 agus 1991?

Bain úsáid as na treoirlínte seo a leanas i do fhreagra. **Ní mór** duit úsáid a bhaint as faisnéis de do chuid féin fosta.

- Polasaithe agus gníomhartha an Uachtaráin Reagan
- Polasaithe agus gníomhartha an Uachtaráin Gorbachev
- Titim an chumannachais agus deireadh an Chogaidh Fhuair

[22]

**Ticeáil an bosca lena thaispeáint cad é an cheist a roghnaigh tú le déanamh.**

Uimhir ceiste roghnaithe: ceist 6(a) ☐ **nó** ceist 6(b) ☐

**[Tiontaigh an leathanach**

[22]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

**Sources**

Source A © Adapted from Churchill: The Prophetic Statesman by James C. Humes, Regnery History (2012)
ISBN 10: 1596987758 ⁄ ISBN 13: 9781596987753
Source B: Extract from interview, published in PPT presentation Vladimir Yerofeyev a Soviet diplomat
March 2010 www.slideshare.net/d.bpower/vii-stocklias-cold-war-1945-1969.htm
Source C: © Adapted from Commemorative Event for the 50th Anniversary of the Marshall Plan. President Bill Clinton. The Hague, Netherlands. May 28, 1997
Source D: © Adapted from Years of Russia, the USSR and the Collapse of Soviet Communism 2nd Edition, by Jane Jenkins, David Evans, Hodder Education (2008) ISBN-13: 978-0340966617

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Roinn A** | |
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| **Roinn B** | |
| 5 | |
| 6 | |
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.